

AN GARDA SÍOCHÁNA

# RÁITEAS STRAITÉISE

2019-2021



ÁR MBAILL FOIRNE - ÁR NACMHAINN IS FEARR

PÓILÍNEACTH  
PHOBAIL

DAOINE Á  
GCOSAINT



ÉIRE  
SHÁBHÁILTE

ÁR SEIRBHÍS  
Á BUNATHRÚ

AN BHUNCHLOCH - CEARTA AN DUINE

AG  
COINNEÁIL  
DAOINE  
SÁBHÁILTE

# STRAITÉIS AN GARDA SÍOCHÁNA 2019 - 2021



Ár Seirbhís Á  
Bunathrú



Ár Mbaill Foirne - Ár  
Nacmhainn Is Fearr



Éire Shábháilte



An Bhunchloch -  
Cearta An Duine



Póilíneacht Phobail



Daoine Á Gcosaint

## AG COINNEÁIL DAOINE SÁBHÁILTE

## RÉAMHRÁ

Déantar cur síos sa doiciméad seo ar Straitéis an Gharda Síochána chun na seirbhísí póilíneachta atá á gcur ar fáil aige agus a chumas bainistíochta agus ceannaireachta a fheabhsú idir 2019 agus 2021. Tá an Misean atá againn, don trí bliana amach romhainn, simplí ach tábhachtach: ‘Daoine a Choinneáil Sábháilte’. Mar Chaomhnóirí na Síochána, gné lárnach den obair a dhéanaimid é Daoine a Choinneáil Sábháilte agus cearta an duine a chosaint. Is é Daoine a Choinneáil Sábháilte an treoirphrionsabal ar a bhunófar ár gcinntí straitéiseacha agus oibríochtúla. Is í an fhís atá agamsa do An Garda Síochána, gur seirbhís phóilíneachta dírithe ar íospartaigh a bheidh inti, seirbhís atá dírithe ar dhaoine a choinneáil sábháilte, na daoine is leochailí a chosaint agus seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil go leanúnach. Beimid freagrúil do riachtanais íospartach, pobail áitiúla agus nádúr athraitheach na coireachta. Éileoidh sé seo infheistíocht shuntasach inár gcumas chun na héilimh shíorathraitheacha a bhaineann leis an bpóilíneacht a thomhas, a bheith ag súil leo agus freagairt dóibh. D’fhonn cur ar ár gcumas seirbhísí póilíneachta níos freagrúla, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a chur ar fáil, ní mór dúinn athruithe bunúsacha a chur i bhfeidhm ar struchtúr na heagraíochta. Trí Shamhail nua de Phóilíneacht Áitiúil a chur chun feidhme, éireoidh linn bogadh ó shamhail gheografach go samhail fheidhmiúil de sholáthar seirbhíse póilíneachta, agus ár n-acmhainní a eagrú bunaithe ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn. Chomh maith leis sin, tabharfaimid faoi athstruchtúrú suntasach ar na rannóga ceanncheathrún agus ar na haonaid náisiúnta. Beidh an t-athstruchtúrú seo dúshlánach, áfach, ach cinnteoidh sé go mbeidh an soláthar seirbhíse feabhsaithe, agus ag oibriú ar bhealach níos éifeachtúla, agus go mbeidh breis acmhainne againn tacú le pobail agus le hiospartaigh choireachta. Baineann tábhacht thar na bearta le muid féin a choinneáil cuntasach as ár bhfeidhmíocht de réir na straitéise seo agus na bpleananna póilíneachta gaolmhara lena chinntiú go mbeidh muinín ag an bpobal as an tseirbhís atá á cur ar fáil againn. Trí bhreis infheistíochta i rialachas, cuntasacht agus béim ar leith ar chearta an duine, éireoidh linn seirbhís phóilíneachta a chur ar fáil a chuirfidh go leanúnach leis an muinín atá ag an bpobal asainn. Chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm, teastaíonn pearsanra ardoilte agus tiomanta, mar aon le tacaíocht ó cheannairí sofheicthe. Is ionann an straitéis seo agus an bhéim atá á leagan inti ar ‘Ár mBaill Foirne- Ár nAcmhainn is Fearr’ agus céim shuntasach d’fhonn a chinntiú go mbraitheann ár bpearsanra ar fad go bhfuilimid ag tacú leo agus go mbaineann tábhacht leis an obair atá ar bun acu. Den chéad uair, leagtar béim i Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána ar chearta an duine mar bhunchloch chun seirbhísí póilíneachta a chur ar fáil. Ar aon dul lenár n-oibleagáidí dualgas dearfach faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cuirfimid lenár n-acmhainn chearta an duine thar thréimhse na straitéise. Sa bhreis ar ár n-infheistíocht i gcearta an duine, leanfaimid le dlús a chur faoinár n-éagsúlacht inmheánach agus sheachtrach agus tionscnaimh ionchuimsithe, agus forbróimid agus cuirfimid beartas fuathchoireachta chun feidhme. Tugtar léargas sa Ráiteas Straitéise seo ar na dúshláin shuntasacha a bhí le sárú ag An Garda Síochána le blianta beaga anuas agus is léir tionchar suntasach a bheith ag ‘Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí’ ar an Ráiteas Straitéise seo, arb é a cur chun feidhme an príomhdhúshlán a bheidh le sárú againn i rith na tréimhse seo. Teastóidh acmhainní suntasacha chun na spriocanna uailmhianacha atá sonraithe sa straitéis seo a chur chun feidhme; is orainne atá an fhreagracht a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr, is éifeachtaí agus is eolasaí as na hacmhainní ar fad. Táim ag súil leis an straitéis seo a chur chun feidhme mar thionscadal comhoibríoch ag obair i dteannta lenár bpobail, soláthraithe seirbhíse comhpháirtíochta agus comhlachtaí maoirseachta. Is éard a bheidh mar thoradh ar a cur chun feidhme, trí na gníomhaíochtaí ar a ndéanfar cur síos sna trí phlean phóilíneachta bhliantúla ghaolmhara, eagraíocht níos fearr le bheith ag obair inti, agus eagraíocht a sholáthraíonn an caighdeán de sheirbhís phoiblí atá á éileamh uainn.

Drew Harris  
Coimisinéir

## CUR CHUN FEIDHME NA STRAITÉISE

### Conas a chuirfean an straitéis seo i bhfeidhm?

Cuirfean an straitéis seo i bhfeidhm thar thréimhse trí bliana trí phleananna póilíneachta bliantúla a chur chun feidhme. Áireofar i ngach plean póilíneachta na gealltanais, na tionscnaimh agus na spriocanna atá le baint amach i rith na bliana sin, a chabhróidh chun na torthaí straitéiseacha atá sonraithe sa doiciméad seo a bhaint amach. Úsáidfean an plean póilíneachta bliantúil chun pleananna póilíneachta áitiúla a fhorbairt ar leibhéal ceantair agus roinne, rud a chinnteoidh go bhfuil an eagraíocht trí chéile dírithe ar an straitéis a bhaint amach.

### Conas a dhéanfar faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht?

Is é Feidhmeannacht agus Foireann Cheannaireachta Sinsearaí an Gharda Síochána a bheidh freagrach as rialachas inmheánach na straitéise seo agus as na pleananna póilíneachta gaolmhara. Déanfaidh an Fheidhmeannacht faireachán rialta ar fheidhmíocht i gcomparáid leis na pleananna, rud a chuirfidh ar a cumas gníomhú go tapa nuair nach bhfuil an fheidhmíocht mar ba cheart di a bheith. Úsáidfean an Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta (próiseas PAF) chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme pleananna ag leibhéal réigiúnach, roinne agus ceantair. Chomh maith leis sin, pléifear feidhmíocht an phlean póilíneachta roinne ag na Comhchoistí Póilíneachta áitiúla.

Tuairisceoidh An Garda Síochána go poiblí ar a fheidhmíocht trína thuarascálacha bliantúla agus trí na tuairiscí míosúla a chuireann sé ar fáil don Údarás Póilíneachta. Beidh an tÚdarás Póilíneachta freagrach as maoirseacht sheachtrach na straitéise seo agus as na pleananna póilíneachta gaolmhara de réir a shainchúram reachtúil. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bheidh freagrach as maoirseacht sheachtrach ar cheisteanna slándála.

### Conas a dhéanfar rath a thomhas?

Déanfar feidhmíocht rathúil, thar thréimhse na straitéise, a thomhas bunaithe ar na torthaí straitéiseacha atá liostaithe i ngach caibidil den doiciméad seo. Áireofar sna pleananna póilíneachta bliantúla meascán de bhearta ar a mbunófar an measúnú ar an bhfeidhmíocht bhliantúil.

Bainfean feabhas leanúnach amach sna hEochairtháscairí Feidhmíochta seo a leanas trí na tionscnaimh atá déanta i dtrí thréimhse an phlean póilíneachta:

## Táscairí Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail an Gharda Síochána (AGS):

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí a thuiriscíonn: Éistean AGS le hábhar inní phobal na háite

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí a thuiriscíonn go bhfuil leibhéal meánach nó ard muiníne acu in AGS

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí a shonraíonn go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom beag beann ar cé hiad féin

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí a shonraíonn go bhfuil AGS dea-bhainistithe

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí nach bhfuil aon tionchar ag inní maidir le coireacht ar a gcaighdeán saoil

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí atá ar an eolas faoi phatróil na nGardaí

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí a shíleann go bhfuil ag éirí le AGS dul i ngleic le coireacht ar bhealach éifeachtach

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí a shíleann go bhfuil AGS dírithe ar an bpobal

Méadaithe: An sciar de fhreagróirí a thuiriscíonn go bhfuil siad sásta leis an tSeirbhís áitiúil atá á cur ar fáil ag na Gardaí

Méadaithe: An sciar d'íospartaigh atá réasúnta sásta nó an-sásta leis an gcaoi ar dhéileáil AGS lena gcás

Laghdaíthe: An sciar de fhreagróirí a shíleann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach é coireacht sa cheantar áitiúil

Laghdaíthe: An sciar de fhreagróirí a shíleann nach ndéileálann AGS le nithe tábhachtacha sa cheantar

## Táscairí Eile:

Laghdú ar 'Coireacht in aghaidh an Duine' agus 'Coireacht in aghaidh Maoine'

Laghdú ar ghortuithe tromchúiseacha agus ar bhásanna ar na bóithre

Fianaise ar rannpháirtíocht fheabhsaithe fostaithe trí iniúchadh cultúrtha nua in 2021

## MISEAN & STRAITÉISAN GHARDA SÍOCHÁNA 2019 - 2021



### PÓILÍNEACHT PHOBAIL

- Forbairt Comhpháirtíochtaí
- Daoine Leochaileacha a Chosaint
- Éisteacht & Freagairt
- Póilíneacht Shofheicthe



### AN BHUNCHLOCH - CEARTA AN DUINE

- Straitéis Chearta an Duine
- Cultúr Foghlamtha
- Comhionannas agus Eitic



### DAOINE Á GCOSAINN

- Coireacht & an Imní maidir le Coireacht a
- Laghdú Póilíneacht
- Fhaisnéisbhunaithe Caighdeán
- Imscrúdaithe Ag Tacú le hÍospartaigh
- Sábháilteacht ar Bhóithre



### ÁR MBAILL FOIRNE - ÁR NACMHAINN IS FEARR

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Ceannaireacht Shofheicthe Láidir
- Folláine Fostaithe
- Imlonnú Acmhainní



### ÉIRE SHÁBHÁILTE

- Slándáil Náisiúnta
- Comhar Idirnáisiúnta
- Acmhainn Slándála & Faisnéise



### ÁR SEIRBHÍS Á BUNATHRÚ

- Teicneolaíocht
- Cáilíocht Sonraí
- Cumarsáid
- Samhail Oibriúcháin
- Rialachas, Cuntasacht & Trédhearcacht



## 1. PÓILÍNEACHT PHOBAIL

### Cuspóir Oibríochtúil 2019 - 2021:

- Cur chuige nua maidir le póilíneacht phobail a chomhaontú, a chur in iúl, acmhainní a chur ar fáil dó, agus é a chur chun feidhme

### Déanfaidh an Garda Síochána an méid seo a leanas::

1. Creat póilíneachta pobail a chomhaontú, a chur chun feidhme agus a mheas trí chur chuige fadhbréitigh atá sofheicthe agus freagrúil trínar féidir seirbhís a chur ar fáil
2. Cúrsaí a phlé leis an bpobal agus le geallsealbhóirí, cluas éisteachta a thabhairt dóibh agus teacht ar thuiscint ar a riachtanais phóilíneachta agus oibriú lena chéile chun dul i ngleic leis na riachtanais sin

### Toradh Straitéiseach:

1. Cur chuige athnuaithe maidir le póilíneacht phobail, comhaontaithe, sothuigthe agus curtha chun feidhme
2. Seirbhísí póilíneachta sofheicthe, freagrúla atá saincheaptha do riachtanais an phobail, ar féidir lenár bpobail ilchineálacha ar fad rochtain a fháil orthu\*

\*arna thomhas tríd an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail



## 2. DAOINE Á GCOSAINT

### Cuspóirí Oibríochtúla 2019 - 2021:

- Daoine a chosaint ó choireacht
- Daoine a choinneáil sábháilte ar ár mbóithre

### Déanfaidh an Garda Síochána an méid seo a leanas:

1. Feabhsófar ár n-acmhainn straitéiseach bainistíochta agus comhordaithe coireachta, agus treiseofar ár sonraí feabhais chun póilíneacht atá cumasaithe ag faisnéis a fheabhsú
2. Coireacht agus an imní maidir le coireacht a laghdú trí ghníomhaíochtaí athstíúrtha ilghníomhaireachta, ag cur comhairle maidir le cosc ar choireacht ar fáil agus ag freagairt do bhagairtí atá ag teacht chun cinn (cibearchoireacht san áireamh)
3. Aghaidh a thabhairt orthu siúd atá páirteach i gcoireacht eagraithe, ag obair le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta lena chinntiú nach mbeidh airgead á fháil ag coirpigh as coireacht
4. Ár bhfreagairt imscrúdaitheach ar choireacht a fheabhsú, lena n-áirítear ár n-acmhainn fhóiréinseach, caighdeán a fhorbairt lena chinntiú go bhfreagrófar go cuí do gach teagmhas coireachta
5. Seirbhísí d'íospartaigh a chur ar fáil, gréasán d'Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne a bhunú lena chinntiú go dtugtar tús áite do choireacht in aghaidh na ndaoine is leochailí
6. Cur le Straitéis Sábháilteachta Bóithre an Rialtais; ag obair i gcomhpháirtíocht ar chúrsaí oideachais, agus ag díriú ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú
7. Cur isteach ar an úsáid atá á baint ag coirpigh as ár mbóithre trí fhorfheidhmiú spriocdhírthe reachtaíocht um thrácht ar bhóithre

### Torthaí Straitéiseacha:

1. Seirbhís phóilíneachta shofhreagrúil, a fhreagraíonn do nádúr athraitheach na coireachta, a bhailíonn a cuid eolais ar leibhéal áitiúil agus náisúnta trí shonraí agus faisnéis thráthúil agus ar ardchaighdeán
2. Laghdú ar choireacht agus ar an imní maidir le coireacht
3. Cur chuige comhsheasmhach maidir le himscrúduithe coireachta, a mbeidh torthaí feabhaisaithe ceartais choiriúil dá mbarr
4. Seirbhís phóilíneachta atá dírithe ar íospartaigh, a thacaíonn le gach úsáideoir leochaileach, agus ár n-oibleagáidí reachtúla d'íospartaigh a chur chun feidhme
5. Póilíníú bóithre sofheicthe, ag soláthar forfheidhmiú agus bacadh éifeachtach
6. Bóithre níos sábháilte trí laghdú ar an líon daoine maraithe agus ar an líon daoine gortaithe





## 3. STÁT SÁBHÁILTE

### Cuspóir Oibríochtúil 2019 - 2021:

- Sábháilteacht an stáit a chinntiú

### Déanfaidh an Garda Síochána an méid seo a leanas:

1. Cinnteoidh sé sábháilteacht an Stáit, bainisteoidh sé gach bagairt a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do bhagairt na sceimhlitheoireachta
2. Ár n-acmhainn faisnéise a fheabhsú
3. Comhoibriú lenár gcomhpháirtithe, cur le slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta

### Torthaí straitéiseacha:

1. Stát sábháilte
2. Acmhainn fheabhsaithe chun faisnéis a bhainistiú
3. Rannpháirtíocht níos éifeachtaí lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta



## 4. AN BHUNCHLOCH - CEARTA AN DUINE

### Cuspóir Oibríochtúil 2019 - 2021:

- Iompraíocht chearta an duine agus eiticíúil mar bhunchloch ar a gcuirfear ár seirbhísí póilíneachta ar fáil

### Déanfaidh an Garda Síochána an méid seo a leanas:

1. Infreastruchtúr chearta an duine a fhorbairt chun tuiscint, eolas, oiliúint, beartas agus acmhainn seachadta seirbhíse an Gharda Síochána a fheabhsú
2. Tús a chur leis an bpróiseas a bhaineann le cearta an duine agus iompraíocht eiticíúil a leabú inár bpóilíneacht, ag tosú le béim ar ár rannpháirtíocht le húsáideoirí seirbhíse leochaileacha ceartais choiriúil

### Toradh straitéiseach:

1. Cur chuige nua chearta an duine i ndáil le soláthar seirbhísí póilíneachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme
2. Beidh tuiscint agus meas ag an bpearsanra ar fad ar an gCód Eitice



## 5. ÁR MBALL FOIRNE - ÁR NACMHAINN IS FEARR

### Cuspóir Oibríochtúil 2019 - 2021:

- Déanfaidh sé infheistíocht ina bhaill foirne, a n-acmhainn is fearr, agus cuirfidh sé forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil

### Déanfaidh an Garda Síochána an méid seo a leanas:

1. Glacfaidh sé páirt i bplé lena mbaill foirne, tacóidh sé leo agus éistfidh sé leo, agus cuirfidh sé forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil
2. Cuirfidh sé Straitéis na mBall Foirne chun feidhme lena chinntiú go bhfuil na rólí chearta á ndéanamh ag na daoine cearta, agus go bhfuil na daoine cearta ag obair sna háiteanna cearta ag na hamanna cearta
3. Ár n-acmhainn ceannaireachta a fhorbairt agus ceannaireacht shofheicthe láidir a chur ar fáil
4. Cultúr foghlamtha a fhorbairt, a mbeidh ionracas, macántacht, oscailteacht agus meas ar éagsúlacht mar bhonn leis
5. Obair den scoth a spreagadh agus a aithint, agus feidhmíocht a fheabhsú
6. Déileáil le baill foirne nach bhfuil ag éirí chomh maith leo agus ba cheart agus le hiompraíocht mhí-eiticiúil
7. Tacú le sláinte agus folláine ár mball foirne

### Torthaí straitéiseacha:

1. Earcú, éagsúlacht, oiliúint, imlonnú agus forbairt ár bpearsanra, á dtreorú ag Straitéis na mBall Foirne
2. Lucht oibre tiomanta a mhothaíonn go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus a thuigeann an luach a bhaineann leis an obair atá á déanamh acu
3. Cultúr oibre a spreagann macántacht, oscailteacht agus foghlaim



## 6. ÁR SEIRBHÍS Á BUNATHRÚ

### Cuspóir Oibríochtúil 2019 - 2021:

- Ár n-eagraíocht a athstruchtúró agus an modh a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil a bhunathrú

### Déanfaidh an Garda Síochána an méid seo a leanas:

1. Seirbhísí níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos freagrúla a sholáthar trí 'Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí' a chur chun feidhme
2. Ár n-eagraíocht a athstruchtúró agus ár dtáirgiúlacht a fheabhsú trí Shamhail Oibríucháin nua an Gharda Síochána
3. An mhuinín atá ag an bpobal as An Garda Síochána a fheabhsú trí bhreis cuntasachta, trédhearcacht agus rialachas inmheánach níos éifeachtaí
4. Ár n-acmhainn cumarsáide agus ár n-aschur a fheabhsú chun dul i bhfeidhm agus rannpháirtíocht níos fearr a chinntiú lenár mbaill foirne agus leis an bpobal a bhfuilimid ag freastal air
5. Muinín a atógáil inár sonraí, trí thaifeadadh agus rialachas beacht
6. Infheistiú i dteicneolaíocht, lena n-áirítear teicneolaíocht mhóibíleach, chun seirbhís phóilíneachta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chumasú

### Torthaí straitéiseacha:

1. Seirbhís athraithe ó bhun a sholáthraíonn seirbhísí póilíneachta comhsheasmhacha, éifeachtúla agus éifeachtacha, a chuirtear go fáil ag an leibhéal roinne go príomha
2. Seirbhísí póilíneachta a bhfuil teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide nua-aimseartha ag tacú leo, teicneolaíocht mhóibíleach san áireamh
3. Níos mó muiníne as ár bpóilíneacht agus as ár sonraí a bhaineann le feidhmíocht